


**LEANIN DUBH
GAELACH**

**LEANIN DUBH
DO GHAEIL**

**COMÓRTAS AMHRÁN
NUACHUMTHA 1993**



forbairt na gaeltacht



Caomhnú na

teanga agus an

Chultúir Ghaeltachta -

tá páirt thábhachtach

agatsa san obair !



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh Teil. (091) 92011 Teileacs:50159 Facs:92037

COMÓRTAS NA nAMHRÁN NUACHUMTHA



Cathaoirleach:

Rúnáí:

Cisteoir:

Fógraíocht:

Tomás Mac Con Iomaire

Máire Uí Iarnáin

Bríd Uí Mhaoilchiaráin

T. Mac Con Iomaire

B. Uí Mhaoilchiaráin

Máire Uí Níardh

Eagarthóirí

Leabhar na nAmhrán 1993

M. Uí Iarnáin &

Séamas Ó Cualáin

Dónall Ó Colchúin &

Risteárd Mac Aodha

Oifigigh Caidreamh Poiblí:

Moltóirí 1993:

Máire Ní Dhuibhir

Máirtín Mac Donncha

Gearóid Ó Murchú

Foilsitheoirí Leabhar Chomórtas na nAmhrán 1993

Coiste Chomórtas na nAmhrán Nuachumtha 1993

Clóchur: Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua
Clódóirí: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

MÁRTA 1993

**AN COMÓRTAS NAÍSIÚNTA
PAN CHEILTEACH**



Áit níos fearr

Is é ESB an soláthraí aonaránach fuinnimh is mó ar fad in Éirinn, reach cumhachta ceithre uaire fichead, a thiomáineann an tionsclaíocht agus a sholáthraíonn cumhacht, teas agus solas do fheirmeacha, do mhonarchana, d'ospidéal agus do thithe cónaí. De bharr méid ábhalmhóra a réim ghníomhaíochta, coimníonn ESB an timpeallacht in aigne i gcónaí.

Le linn shaolre de 60 bliain tá dúthracht caite aige ní hamháin chun a chinntiú, chomh fada is is indéanta, go bhféagar an combarsanacht ina ndéanann sé tógáil slán ó mhilleadh ach, ina theannta sin, le hathnuachan agus le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcomhshaol mórthimpeall. D'fhonn áit níos fearr a dhéanamh de gach aon áit ar a leagan sé lámh.

Dá réir sin, cruthaíonn ESB áiseanna nua sócúlachta aon áit in a ndéanann sé cumhacht as uisce; baill áille, inar féidir le daoine dul ag iascaireacht, ag seoltóireacht nó páirt a ghlacadh i spóirt uisce.

Déanann sé an radharc tíre a phleanáil agus cuireann sé plandaí, bláthanna agus crainn go háirithe thart ar a chuid stáisiún ginte. Cuireann sé síol stoc de bhradáin agus de bhric in aibhneacha agus i lochanna.

Ar na bealaí seo agus slite eile soláthraíonn ESB an cumhacht a chuireann Éire ag obair, fad is atá sé ag cabhrú freisin le tír níos fearr chun maireachtáil inti a dhéanamh d'Éirinn.



ELECTRICITY SUPPLY BOARD
BORD SOLATHAIR AN LEICTREACHAIS



RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Scéalta Beaga agus Scéalta Móra
Ceol, Cabaireacht agus Cuideachta
ó Admhaidin go Tráthnóna

ar

RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Craoladh beo ar

FM/VHF

ar fud na tíre

The Galway Showl

10 Sr. Liam Thiar, Gaillimh

Seisiún Ceoil Traidisiúnta
sa mBeár
gach

Luan, Máirt & Céadaoin



Bialann

Sr. Aibhistín Gaillimh Teil. (091) 62188



5, Clós Shráid Láir, An tSráid Láir, Gaillimh Teil/Facs 091 - 64961

CLÁR

Amhrán	Rannóg	Lth	Cumadóir/í	Fonnadóir / Grúpa Ceoil
Mo Chrá a d'éalaigh	R1	7	D. Ó Gráinne	Séamas Ó Faithcheallaigh
Traein Spáinneach	R1	9	D. Ó Loineacháin	Desolation Angels
Na Ceithre Sheasúr	R1	10	M. Ó hEidhin	Gearóid Ó Sionnacháin
An Pobal Scaipthe	R1	12	P. Ó hUallacháin & N. Mac Mathúna	Liam Ó hUaithne
Réalt in Oíche Gheal	R1	13	M. Ó Domhnaill	Ollamh
D'fhág tú slán agam	R1	14	S. Mac Donncha	Na Plandaí
Tháinig mo Dheaide	R1	15	P. Nic Dhonncha	Criostal
ar Cuairt a'm	R1	17	M. Uí Dhubhda	An Dútra
Mo Nóimín Bhán	R1	18	M. Ó Maidín	Seacláid Bhán
Tá mise ' gabháil	R1	20	M. Ó Ruairc, S. Ó Ruairc	M. Uí Dhuibhir
amach anocht	R1		A. Uí Chaisín	
Aedín Mo Chroí	R1			
Oíche Airneáin i	R2	23	M. Ó Loideáin	M. Ó Loideáin
Rath Cairn	R2	25	T. Mac Eoin	T. Mac Eoin
Deir siad gur cloíte	R2	26	L. Ó Fíneadh	M. Uí Níaidh
an galár an grá	R2	28	B. Uí Chadhain	B. Uí Chadhain
An Dbírt	R2	29	P. Seoighe	P. Seoighe
Ciarán	R2	31	U. Ó hArgadáin	U. Ó hArgadáin
Teitlís na Gaeltachta	R2	32	C. Ní Chonaola	N. Uí Dhonnacha
Protocol don Leambh	R2			
A Dheartháirín Óg	R2			
Mo Chroí	R2			
Tuatha Dé Danann	R3	35	T. Ó Cathail	T. Ó Cathail
An tOtharcharr	R3	36	B. Breathnach	B. Breathnach
An Sionnach	R3	38	T. Ó Flaithearta	M. Uí Dhroighneáin
Sleamhain óg	R3			B. Ní Chonghaile
Bliain Mhór	R3	40	L. Ó Donnchadha	L. Ó Donnchadha
na Gaeilge	R3			
Ní fhágfaidh mé mo	R3	41	D. Ó Colchúin	An Chraic
bhaile féin níos mó	R3	42	S. Ó Domhnaill	Gráinne Ní Mháille
Faraor nach é inniu inné	R3	44	L. Ó Fionntáin	Fóidín Meara
Corn Sam Maguire '92	R3			

Mo Ghrá a d'Éalaigh

Diarmuid Ó Gráinne

Ag taisteal dom an ród
Ar bhusanna, ar thraenanna
Ag siúl dom trí shráideanna
Plóraithe Bhaile Átha Cliath,
Dearcaim snua gach mná
Ag siúl go bhfeicfinn d'aghaidh ghealsa,
Grá mo chroí a d'Éalaigh uaim
Go luath i dtús mo shaoil.

Is an oíche ar bhuaill mé leat
Bhí do chneas ar dhath an óirbhúí;
Grian na Spáinne id éadan
Tú go néata i bpetticoat.
Do roscshúile glasa
Mar dhrúcht maidin seaca;
Do bheola taise, míne
A bhí réidh do phóóg.

Is chuaigh muid beirt ag siúl
Cois canálach maidin shamhraidh;
Na healai ar an fhuaid
Bhí siad leis i ngrá.
Is d'umhlaigh dúinn an sceach
Na fialta is an breac
Is rug mé ort barróg
Atá im intinn fós.

An cuimhin leat an lá
A chaith muid i mBeann Éadair?
Bhí an trá againn dúinn féin
Is na faoileáin, iad go hard.
Chuaigh muid ag ól sa Tavern
Le dul faoi na gréine
Ní raibh sa saol ach gile
Aoibhneas agus spóirt.

STIÚIDEO
24-RAON

stiúideo



24-TRACK
STUDIO

Proifisiúntacht ar chostas réalaíoch.

Professionalism you can afford.


Gach eolas ó:

**An Rannóg Cumarsáide, Bord na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

Fón: 01-763222. Fax: 01-616564.

Mo dhíomú don fhear bainc
A ghoid uaim mo shearc
Le carr, le teach, le hairgead
Mealladh uaim mo stór
Is fágadh mé sa dorchadas
Mo réalt solais in imigéin
Mé de shíor ag scrúdú aghaidheanna
Ar shráideanna an bhaile mhóir.

AN



Teach Ósta Meánaoiseach
i nGaillimh

Ceol Beo

Traidisiúnta Aoine & Satharn
Drd. & Domh. MOJO Snagcheol & Goirmeacha

Ceol Mile Fuite

Traein Spáinneach

Daithí Ó Loinneacháin

Lean orm ar thraein Spáinneach trí shléibhte
síorfhada 'gus leathan,
Ag cogarnaíl ainneacha na marbh
Nach gcodlaíonn ach ' bhíonn 'na luí faoi mharmar.

Lean orm anseo go sruthán an Ionarbtha
Inar bháigh fear amháin é féin,
Agus crochadh fear eile ar chrann féindéanta
Ag leanacht brionglóide nár le héinne í.

Curfá:


Lean orm "Ma Bohème"

'Gus léimis, léimis le chéile, na scríoptúir, na
scríoptúir,

Na scríoptúir neamhbhásmhara.

Leanfaimid rianta na cinniúna
Le chéile, le chéile go deo,
Le chéile nuair atáimid ag gáire
Ag síogadh siar gathanna na maidine.

Curfá.



WESTERN
RETAIL
SYSTEMS



20, Ashbrook, Bóthar Thuama, Gaillimh
091 63222 093 49336 088 588313

Na Ceithre Sheasúr

Micheál Ó hEidhin

Nach aoihbhinn an tEarrach i sean Bhaile Chláir
T'réis doineann an Gheimhridh b'ait leat a bheith ann
An feilméir ag réiteach na talún don stól
Ag treabhadh is ag fuirseadh, dul soir agus siar;
An éanlaith ag canadh go hard ar na crainn
An preachán, an lon dubh is an smólach fíorbhinn
Go graitheach ag bailiú an ábhair dá nead
An crotach mór glórach - nár bhrónach a scread!

Nach glórmhar an Samhradh, an ghrian gheal go hard
An teas ins an aer is gach duilliúr ag fás;
An mhóin ins an bportach ag triomú go tréan
I gcomhair tinte an Gheimhridh a thioctas, mo léan!
Ar ghort is ar mhóinéar tá daoine ag triall
Go cruógach, graitheach, ag obair gan scéith,
An féar glas á bhaint is á shábhail gach lá
Ag cruinniú stór beatha don eallach ar ball.

An fómhar fial, flúirseach, ní fada uainn é
A chuid torthaí breá, aibí ar bharr na ngéag,
Cruithneacht is coirce is eorna i ndéis
Á leagan le dícheall is á gcruachadh dá réir.
An lá' dul i ngiorracht ach teas fós sa ngréin,
Na daoine lánsásta le bronntanas Dé.
Fuíoll agus fairsinge thoir agus thiar
Roimh anró an Gheimhridh is gálaí de shíor.

Ropann sé chugainn an Geimhreadh fuar, feannta,
Tá fad ins an oíche is goimh ins an aer.
Bionn sioc agus sneachta ag préachadh na ndaoine
Agus solas na gréine go fíorghann gan bhréag.
Na haimhithe bochta is an éanlaith dá réir sin
Iad fuar agus ocrach gan soláthar bia
Ag iarraidh bheith bríomhar go deireadh an tséasúir
Go bhfillfidh an tEarrach le tosú arís.

Earrach, Samhradh, Fómhar is Geimhreadh
Fáiltímid rompu, is séasúir dár saol iad.
Bainimis taitneamh as dúchas is dúlra
Agus beirimis buíochas don Tiarna ' thug dúinn iad.

McSwiggans

Beár & Bialann

3, Sráid Eyre, Barr a' Chalaigh, Gaillimh.
Teileafón (091) 68917


CLÓDÓIRÍ

CLOE - DOOREE

CLOWDOORI

CLO - DOÓR - Í

**Is cuma cén chaoi a mbreathnaíonn tú ar -
Ciallaíonn sé priondáil den scoth.**



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 93251 / 93157. Facs: 93159.

An Pobal Scaipthe

Pádraig Ó hUallacháin
& Nollaig Mac Mathúna

An talamh creagach seo
Gan toradh air ná barr,
An díon tite
A thug dídean do theaghlach tráth,
Na gléasanna simplí seo
Anois atá meirgthe i bhfód,
An pobal seo atá imithe
Chun taisteal trasna an domhain

Paidir acu in áit aráin,
Ar a mbeola an focal "Meiriceá"

An talamh creagach seo,
Cnámha bánaithe bó,
An bealach buailte
Go dtí an churach ar an trá,
Na doirse seo ar oscailt
Nár aithin eochair riamh,
An pobal seo atá imithe
Scaipthe thar fharraigí
Paidir acu in áit aráin,
Ar a mbeola an focal "Meiriceá"

An talamh creagach seo,
Eagaoin chorrach na gaoithe
An teallach dubh le súiche
Sin a raibh acu riamh,
Ceol bríomhar 'spreag na daoine
I dteach an óil chun damhsa 's spraoi,
An pobal seo imithe chomh fada
Leis na réalta ins an oíche

An pobal seo imithe chomh fada
Leis na réalta ins an oíche.

Réalt in Oíche Gheal

Micheál Ó Domhnaill

Tháinig sé inár measc,
Leis na bochtáin do sheas
Agus bhronn a bhua ar gach aon duine.

Réalt in oíche gheal,
An scáth nár mhair ach seal,
Sclabhaí na nUile agus Rí na Cruinne.

Agus mhúin sé trí ghrá,
Mar a chuirtear a bhainfear lá.

Tagann deireadh gach Geimhreadh leis,
Gan trácht ar Earraigh úra sa bhreis,
Scarann sé gach olc gan stró.

Castar an phian ina ghéaga
go haoibhneas agus lúcháir ríoga,
Meallann sé idir shean agus óg.

Agus mhúin sé trí ghrá,
Mar a chuirtear a bhainfear lá.

Má chuireann do shaol coróin ort
Ná cuirtear ann pioc ded' thrust.
Má chuireann do shaol mallacht ort
Bí buíoch as do chás.

Agus mhúin sé trí ghrá,
Mar a chuirtear a bhainfear lá.



The Goalpost Bar

Barr a' Chalaoidh
Teil. (091) 64640

Ceol gach deireadh seachtaine
Togha na dí Togha an Chraic

D'fhág tú slán agam

Séamas Mac Donncha

Is fada uaim an lá siúd ó leagas ort súil,
Éadan geal gleoite, b'é ba chúis le mo dhúil.
Chonaic tú uait mé ach orm níor thug tú aon aird
Go dtí an trathnóna breá Earraigh sin nuair a thit
muid i ngrá.

Curfá:

D'fhág tú slán agam, a mhórghrá mo shaoil,
Anois is tú bailithe tá mé fágtha gan chiall.
D'fhág tú slán agam, a mhórghrá mo shaoil
Ach fós le mo ghrá-sa beidh mise fial.

Oíche agus lá bhí muid seasta le chéile,
Amuigh ag damhsa, amuigh le béile.
Tráthnóna rómansúla a tháinig go críoch
Nuair a scaoil tú liom agus chuaigh ar ais ag fiach.

Curfá.

Tá súil a'm go bhfuil sé faighte agat, d'fheairín óg
nua,
Ná bacadh tú liomsa, mo bhrón ná mo chumha.
Thiteas i ngrá leat, mo dhearmad amháin
Agus cé go bhfuil do sheolta anois crochta agat, tá
fós agam duit gean.

Curfá:

D'fhág tú slán agam, a mhórghrá mo shaoil,
Anois is tú bailithe tá mé fágtha gan chiall.
D'fhág tú slán agam, a mhórghrá mo shaoil
Ach fós le mo ghrá-sa beidh mise fial.

Tháinig mo Dheaide ar cuairt a'm

Proinséas Nic Dhonncha

Tháinig mo Dheaide ar cuairt a'm,
Bhí sé gléasta i mbán,
Sé dúirt sé liom, "A stóirín,
Fill abhaile is ná bí ar fán.
Ochón, m'ochón,
Tá na carraigreacha i do chnámha
Is iad do chorraí is do chrá, m'ochón."

Shiúil sé anall go dtí mé,
Bhí sé gan lúth ná láthar,
Sheas sé ar nós garda
Idir an tslí a bhí is an saol atá.
Ochón, m'ochón,
Chaith mé mo shaol ag éalú uaidh,
An t-olagón agus an brón, m'ochón.

Sheas sé ag bun mo leapan,
Bhí sé ag lonradh ar nós seoid;
"Ná tréig do chúlra ná do chine
Mar is cam an mac an ród.
Ochón, m'ochón.
Tá an chathair mhór seo uaigneach
Nuair atá coirméilín d'Iar-Chonnacht
Ag seasamh buan."

D'fhéach mé tríd an bhfuinneog
Ar an radharc a bhí mach romham,
Simléir, slinn is deatach
Is an slua 'na suan le póit.
"Ochón, m'ochón,
B'fhearr liom maireachtáil sa gcarn aoiligh seo
Ná bheith ar thóramh an chultúir Ghaelaigh
Is í ' chur faoin bhfód."

"Níl an rogha a'd, a stóirín,
Tá an tórramh i d'fhuil,
Tá an oíche dhorcha i d'anam
Cibé áit ar mian leat rith.
Ochón, ochón,
"Tá an ceangal ródhúlúth eatarthu,
D'intinn, d'anam is na cnoic."

"Cén fáth ' bhfillfinnse ar baile
Cén chaoi ' mairfinn beo,
Níl ealaíon ná ceol úr cumtha
Is chuile dhuine ag faire an dól.
Ochón, m'ochón.
Dramhaíl teanga 'na cúis mhagaídh
Is í millte ag aigne lag.
M'ochón."

Mo Nóinín Bhán.

Máirín Uí Dhubhda

Maidín Domhnaigh is mé siúl cois na trá
Bhí réalt na maidine sa spéir go hard,
Na ba ag géimneach is an drúcht ar an mbán
Is mé bhí uaigneach i ndiaidh mo Nóinín Bhán.

Curfá:

A Nóinín Bhán, ' Nóinín Bhán
An bláithín is gile dá bhfuil ar fáil
Dá mbeim im fhaoiseán d'éireoinn go hard
Is bheadh muid le chéile, a Nóinín Bhán.

Is iomaí tráthnóna is an ghrian ag dul faoi
Bíonn ceol ag éin is binne ar chraobh
Bláthanna cumbra ar an sliabh
Cén mhaith dom iad, níl agam mo mhian.

Ó, d'irmigh mo stóirín uaim i gcéin
Ó, fágadh mise anseo liom féin
Níl cnoc ná gleann dá áilleacht é
Líonfas mo chroí dom, ' ghlanfas an phéin.

"Níl an rogha a'd, a stóirín,
Tá an tórramh i d'fhuil,
Tá an oíche dhorcha i d'anam
Cibé áit ar mian leat rith.
Ochón, ochón,
"Tá an ceangal ródhúlúth eatarthu,
D'intinn, d'anam is na cnoic."

"Cén fáth ' bhfillfinnse ar baile
Cén chaoi ' mairfinn beo,
Níl ealaíon ná ceol úr cumtha
Is chuile dhuine ag faire an dól.
Ochón, m'ochón.
Dramhaíl teanga 'na cúis mhagaídh
Is í millte ag aigne lag.
M'ochón."

SOIRREACHTAS

22 - 31 Deireadh Fómhair 1993



Cláracha na gComórtais Liteartha, Ardáin
agus Taispeántas Ealaine
ar fáil ó

Oifig an Oireachtais,
Conradh na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
(01) 75 3857

Áras na nGael,
Conradh na Gaeilge,
45 Sráid Doimínic,
Gaillimh.
(091) 67824

AN BRADÁN FEASA

Oifig Eolais Chonradh na Gaeilge
45 Sráid Doimínic, Gaillimh.

Fón (091) 67824 Facs (091) 65844

Tá mise' gabháil amach anocht
Míclín Mhaidhc Ó Maidín

Curfá:
Dún do chlab is fan anseo!

Tá mise 'gabháil amach anocht
Curfá.

Tá mise 'gabháil amach ag ól
Curfá.

Rachaidh mé 'mach ag a' Spidéal anocht
Curfá.

Rachaidh mé 'g ól 'stigh sa gCrúiscín Lán
Curfá.

Gheobhaidh mé bean sa bpub anocht
Curfá.

Bean gan Gaeilge ná Béarla 'tá uaim
Curfá.

Rachaidh mé ' tóraíocht bean agus deoch
Curfá.

Rachaidh mé 'g ól le bean as an bhFrainc
Curfá.

Rachaidh muid siar 'g an gCeathrú Rua
Curfá.

Rachaidh mé 'g ól insan gCistineach
Curfá.

Beidh muid ag bapáil san óstán ann
Curfá.

Tiocfaidh muid aniar arís ar bhus a' dó
Curfá.

Tabharfaidh mé aníos ag a' teach í, anseo
Curfá.

'Spáin deich bpunt le go dtiocfaidh mé amach!

Tigh Mhurphy

Beár

9, An tSráid Ard, Gaillimh



muintearas

togra oideachais gaeilteachta

Le tacaíocht ó:

LETTIR MÓIR, GAILLIMH
FÓN (091)81145/81155
FACS B1927

Údarás na Gaeltachta

Coimisiún na gComhphobal Eorpach

N.O.W./Euroform

Fundúireacht Bernard van Leer

An Roinn Oideachais

An Crannchur Náisiúnta

Forbairt agus Cúram Leanaí

Scéim Réamhscoile do Thuismitheoirí - Scéimeanna Tacaíochta

do Bhunscoileanna - Foilsitheoireacht Téacsleabhair -

Scéimeanna don Óige - Mná sa bPobal -

Forbairt Oidhreacht - Oideachas Pobail

**Ag obair i gCorca Dhuibhne, Conamara,
Malgh Eo, Tír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta.**

Aedín mo chroí

Máirtín Ó Ruairc
Seán Ó Ruairc
Áine Uí Chaisín

I do shúil tá deoirín
ag seoladh faoi bhrón;
Níl éinne ag canadh
nó ag rince, a stór;
Is gruama mo shaolsa
Is mé i mo shuí
Ach ná habair focal
'Aedín, mo chroí.

Tá d'aghaidh os mo chomhair
Im cheann go síoraí
Ó mhaidin go hoíche
Tá tú ar gach taobh
Gan suaimhneas ná codladh
Is mé i mo luí
Ach ná habair focal
'Aedín, mo chroí.

Curfá

'Aedín, mo chroí
Mínigh dom an bhrí
Níl aon áit suaimhneach
Gan chion, a chroí;
Gan tú, gan tusa
Cá bhfuil an tslí
Ach ná habair focal
'Aedín, mo chroí.

Tá an grá thart dúinn
Seo deireadh an ghaoil;
Tá an spéir gan réalta
Cad is fiú mo shaol?
Tá tú ag fágaint
Is mo shaol gan bhri
Ach ná habair focal
'Aedín, mo chroí.


Comóradh an Chéid



1993 - Bliain na Gaeilge

ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua
(091) 95169



Más Páirtí, Bainis, ná aon chineál cóisir atá uait,
tabharfar aire sa Dóilín dhuit.

Tá an dá Dhóilín ann.

Oíche Airneáin i Rath Cairn na Mí

Máirtín Tim Ó Loideáin

Tráthnóna Dé Sathairn is mé ag dul go hÁth Buí
Casadh isteach mé i Rath Cairn na Mí;
Bhí fir as gach ceard ann is gach coirméal den tír
is iad go socair sásta ansíúd ag gabháil fhoimn.

Bhí Johnny Mháirtín Larry ann aniar as taobh Charna,
Bhí mac Phadraic Larry ann agus fear eile as Bearna;
Bhí Tomás Ó Neachtain ann, fear gnóite na ngeallta,
Bhí Joe Steve Mhaidhc Mhaitiú fear drámaí agus dánta;
Bhí fear as na hAille ann, Máirtín Ó Fátharta.

Bhí cailín deas óg as Baile an Tí Mhóir ann;
Ba bhinne a glór ná ceolta sí;
Is bhí Maidhc Seoighe as Cnoc Chathail Óig ann
Nár dheas an spórt iad i dtús na hoíche.

Bhí beirt bhan bhreátha ann as Muicineach - idir - Dhá - Sháile;
Beirt níos breátha ní bhfaighfeá i nGaillimh;
Nuair a thosaigh siad siúd ag canadh go hard;
Dhíreodh an corp ar an gclár ach é a bheith ina n-aice.

Bhí cailín beag, álainn ann darb ainm di Máire
Is aici atá an glór is áille dár chualas fós;
Tá sí ag gnóthachtáil geallta ó bhí sí ina páiste;
Tá súil le Rí na nGrásta a m go bhfaighfidh sí cupán Sheáin
agus an duais mhór.

Bhí Neain Mháirtín ann agus Mairéad Sheáinín
Agus iad go fáilí i lár an tí;
Bhí bord beatha acu faoina gcuid éadaí
'S ní bhfaighfeá níos fearr é i dTeamhair na Rí.

Bhí Seán Sheáinín is é tugtha, tuirseach, tarraingthe,
E ag tarraingt phiontaí ar feadh na hoíche;
Bhí fuisce is pórtar ansiúd á ndóirtheadh
Is bhí fíon Spáinneach ann i dtús na hoíche;
Bhí punch, braon glas, á roinnt ina gcártaí
Is nach ait an áit é Co. na Mí.

Beidh caint go brách abhus is thall
ar an seandream a d'fhág Conamara,
Thug a gcúl go lom lae an ghrá,
Do churach, do bhád is d'fheamainn dhearg;
Chuaigh in éadan talamh bán den fhíorscoth ab fhearr
Is bhain toradh breá de chuile acra.

Ní hé rialtas Fhine Gael ná Fhianna Fáil
A d'fhág an Ghaeilge bhreá seo ar Chnoc Rath Cairn;
Fear Leitir Móir, fear Chnoc Chathail Óig
Agus fear Inis Treabhair;
Fear na Trá Báine, fear Bhun a' Charnáin
Is fear Dhoirín Darach.

Aniar le fána, thar Na Tráchtá, Eanach Mheáin is Béal a' Daingean,
Síos le fána, An Tuairín is Doire Fheárta,
Bóthar a' Chillín agus Béal Chasla;
Thart Ros a' Mhíl áit a mbíodh an spraoi,
Is a mbíodh ceol ó oíche go maidin;
Nach orainn a bhí an smál nár fhan muid ann
Is bheith ag ól piontaí thíos Tí Chotter.

Deir siad gur cloíte an galar an grá

Tomás Mac Eoin

Deir siad gur cloíte an galar é an grá
Tá 's ag mo chroí istigh gur mar sin atá;
Bhí sé riamh ann agus beidh go brách
Ní mba saol mar shaol é gan grá a bheith ann.


Dúirt tú liomsa go mba liom do ghrá
Os comhair an tsaoil seo lá i ndiaidh lá;
Fuair mé aoibhneas, aoibhneas an ghrá
A stóirín, nárbh aoibhinn do ghlór á rá.

Tá na héiníní arís, a stóirín, ag ceol go binn
Ag cur fáilte roimh an lá breá is an samhradh ag teacht;
Sé mo thrua nach dtugann tu cuairt orm arís
Mar a thagann an samhradh le nádúr an tsaoil.

D'fhág tú mise, a stóirín, go lag gan bhrí
Ag imeacht ag fánaíocht le sruth an tsaoil;
Níl mé láidir, céad faraor, níl;
A Dhia, cén chaoi a sáróidh mé sruth an tsaoil.

Dá bhféadfainn d'éalóinn seal ó ghrá
Nó an bhfuil áit ar bith sa saol seo a mbeadh fuascailt
uaidh le fáil?

Shiúlfaínn sléibhte, cnoic is gleann'
A' tóraíocht aoibhneas is suaimhneas a bhíodh seal
faoi bhláth.



English Song

Ceol Beo gach oíche
Seisiún snagcheoil
Maidin Dé Domhnaigh
G A I L L I M H
An tSráid Ard, Gaillimh



**Cló Iar-Chonnachta Teo.,
Indreabhán, Conamara**
Fón: 091-93307 Fax: 091-93362



- * Leabhair ón nGaeilteacht
- * Caiséid & CD's ceoil agus amhránaíochta
- * Filí agus scríbhneoirí ag léamh a saothar
- * An cluiche Domino do pháistí

- * Úrscéalta, gearrscéalta, amhráin srl.,
- * Leabhair nua-aoiseach do dhéagóirí
- * Físteipeanna do pháistí
- * Cártaí Gaeilge Aifrinne /Poist

Catalóg iomlán le fáil saor in aisce ón seofadh thuas

An Díbirt

Learaí Ó Fíneadh

AN FILE:

Imigh uaim, a fhoclóirín Ghaeilge,
Níl call leat sa teach seo níos mó;
Níor shaothraigh tú dom luach mo bhéile
Ní bhfuair tú dom cáilíocht ná clú.

Chaith mé leat fad oícheanta Geimhridh
'Dul trí gach billeog go dlúth;
Gan solas aibhléis' ná coinnle
Ach gúsach trí lasadh sa luaith.

Is trua liomsa creachadh na Gaeilge
Mar d'oibrigh An Craoibhín an-chrua
Ach ó cailleadh faraoir na laochra
Tá an Béarla ag fáil greim ar an slua.

Is iontach mar fuair an Béarla seo an
t-eolas
Ag taisteal mar ghadaí san oíche
Chuir sé an dúchan ar theanga ár máthar
Le méid a chuid gaisce nó draíocht.

Sin é mo chomhrá leat déanta
Is bí ag imeacht amárach go luath
Mar táimse tuirseach, tinn, tréithlag
Agus níl a fhios cá mbainfead dom uaigh.

AN FOCLÓIR:

Tháinig mise ó Nua Eabhrac go hÉirinn
Anall 'atsa ó chairde gaoil
Is chaith mé an aimsir go foighdeach
Ag roinnt leat mo chuid eolais go fial.

Níor iarr mise cóta mór Domhnaigh ort
Sin ná aon airgead síos,
Bhí Lá Nollag mar Aoine a' Chéasta gach
bliain a'm,
Níor iarr mé braon fuisce ort ná fíon.

Ach ó tá tú ag imeacht bodhar balbh
Is go bhfuil tú go cinnte gearmhaoch
Sí samhail do chuid cainte an macalla
A chloistear go huaigneach ó shliabh.

Ná lig mé le réic ná fear meata
nó is ar iasacht na n-iasacht mo thriall;
Beidh ceacht díom i gcearlár na sceacha
Is dhá thrian díom plúchta sa draoib.

Scríobh amach uachta ar maidin
Is fág mé le hoidhreacht in do dhiaidh -
Imigh is déan faoisín le sagart
Is ar d'anam faigh Séala an Sprid Naomh.

Ciarán

Brid Uí Chadhain

A dheartháirín, cá ndeachaigh tú, a Chiaráin, a ghrá;
Ag faire is ag fiosrú a chaith muid seacht lá
Go bhfuarthas do chorp bocht caite sa sáile;
Bhí d'anam le Dia, do cholainn sa snámh.

Cárbh fhios dúinn d'fhulaingt, cárbh fhios dúinn do chrá;
Ní dhearna tú aon chlamhsán, níor thuig muid do chás;
Tuige nár bheic tú, nár thóraigh tú sólas,
Tuige ar fhan tú go raibh sé rómhall.

A Dhia na glóire, bhí sé ró-óg,
Cá raibh do dheifir nár fhan tú go fóill
Ach d'fhág tú a mháthairín gan suaimhneas gan só,
A croí bocht á bhriseadh d'óiche is de ló.

Tabhair di tuiscint, inis di cén fáth
Gur dhaor tú a maicín chomh tobann chun báis,
Go bhfuil deireadh lena fhulaingt, deireadh lena chrá
Is go mbeidh siad le chéile i ndeireadh na dál'.

A Dhia atá ar neamh, misneach tabhair dúinn,
Dá athair is dá mháthair bíodh agat trua,
Líon a gcoifthe le dóchas, tabhair faoiseamh ón mbuairt
Mar i láthair do ghlóir' a bheas muid uilig Lá an Luain.

Fuair sé a dhóthain den phian 'na shaol gearr
'Nois tá faoiseamh á thabhairt dó in áit níos fearr,
Mar an páiste gealgháireach a bhí ann fadó
Is ar neamh atá anois is mar sin a bheas go deo.

Teilifís na Gaeltachta

Pádraig Seoighe

Nár mhór le rá fadó an Raidió
Nuair a bunaíodh é an chéad lá riamh
Ach ní choinneodh sé coinneal don ócáid
a bheas againn i gceann tamaill ghearr,
Sé Teilifís na Gaeltachta atá i gceist a'm
Nuair a thioctfaidh an lá mór gan súil
Beidh daoine ó chian is ó chónagar
A fhaire is á dhearcadh go grimn.

Nach iad na daoine a bheas ag dearcadh ar an
scáileán

Nuair a chraolfar an chéad chlár ar an aer
Beidh siad ag rince is ag léimneach le glicondar
Is nuáfocht an Iarthair faoi lán tseoil dá réir.
Beidh gach fear, bean agus páiste
Le feiceáil againn d'óiche is de ló
Is beidh pictiúir le feiceáil ón nGaeltacht
Faoi eachtraí a tharlaíonn gach lá.

Nach fada muid ag fanacht leis an lá sin
Mar a bhí muid leis an Raidió féin
Nach mór an dul chun cinn ins an saol é
Ón am nach raibh clog ann ná an Raidió féin.
Tá an fhoireann ag obair go láidir
Is tá súil againn go mbeidh toradh dá bharr
Mar is fearr a bheith ag féachaint ar an eachtra
Ná bheith ag éisteacht d'óiche is de ló.

Hole in the Wall

Sráid Eyre, Gaillimh Teil. 65593

CEOL TRADISIÚNTA GACH AOINE

Go n-éirí an t-ádh leis an bPan Cheilteach

Tá R. T. É againn le fada
Is an boiscín i ngach coirnéal den saol
Ach níl An Ghaeltacht ag fáil cothrom na Féinne
Ach ó R. n. G. é féin.
Nach breá an rud teilifís don Ghaeltacht
A spreagfas na heachtraí go léir
Idir scéalta, nuacht, ceol agus amhráin
Nach breá iad a fheiceáil ón aer.

Críochnóidh mé anois le mo véarsa
Ach tá súil a'm go mbeidh toradh dá bharr
Is fear é ná saibhreas Rí Sheoirse
Nuair a thosóidh an craoladh an chéad lá.
Beannacht le hanam na marbh
Is na seandaoine atá imithe den saol
Nach bhfaca fiú is an Raidió
Gan trácht ar an Teilifís bhreá.

Protocol don Leanbh

Uinsíonn Ó hArgadáin

Is confadh ceart gimhilleadh
Is confadh ceart gimhilleadh
Reifreann dó dhéag, trí déag, ceathair déag
' Fiche cúigú lá Samhain
Mílanaoigcéadnóchaisadó

Scanall faoi cheilt is faoi rún
Ní deirtear amach ' gcuid pleananna
Caidé an fáth sa tír seo
Ná roithleán an saol in iomlán?
Is bás á thál acu in ionad na beatha

Anam Éireann ar díol
Is bualtrachas de bhréantas
Ó pháirtithe uilig na Dála
Go lasa sibh 'rís lóchrann
Sa tír seo 's muid ' threorú i gceart

Is a chairde is a phobail
Fad is tá bunreacht againn
Tá greim againn ar pholaiteoirí
Ná ligimid dóibh í réabadh
Ná ligimid dóibh í réabadh

Stop an sladmharú
Ná loisctear nádúr
Coinnigh slán an páiste sa chlí
Sé an máinsear slán an máinsear néata
Is leigheas chroí na hÉireann.

Tá R. T. É againn le fada

Is an boiscín i ngach coirnéal den saol

Ach níl An Ghaeltacht ag fáil cothrom na Féinne

Ach ó R. n. G. é féin.

Nach breá an rud teilifís don Ghaeltacht

A spreagfas na heachtraí go léir

Idir scéalta, nuacht, ceol agus amhráin

Nach breá iad a fheiceáil ón aer.

Críochnóidh mé anois le mo véarsa

Ach tá súil a'm go mbeidh toradh dá bharr

Is fear é ná saibhreas Rí Sheoirse

Nuair a thosóidh an craoladh an chéad lá.

Beannacht le hanam na marbh

Is na seandaoine atá imithe den saol

Nach bhfaca fiú is an Raidió

Gan trácht ar an Teilifís bhreá.



ARAN SEABIRD • ISLAND DISCOVERY

Ag seoladh as Ros a'Mhíl dhá uair ar a laghad gach lá
go

OILEÁIN ÁRANN

i 40 nóiméad

CEANGAL SPEISIALTA BUS IDIR GAILLIMH AGUS ROS A'MHÍL

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:

Victoria Place, Gaillimh

nó ar an gceibh i:

Ros a'Mhíl

nó glaogh ar:

091-61767/72273

A Deartháirín óg mo chroí.

Caitríona Ní Chonaola

Beidh cuimhne agam fad is mhairfidh mé
Ar an mbaile i Ros a' Mhí
Is ar an aistear soir chuig an scoilín beag
Is ar an gcúinne ina mbínn i mo shuí
Gan bróig ná stoca ar mo dhá choisín
Ach mo mháilín ar mo dhroim
Is mé ag cuimhneamh ar dhul abhaile arís
Chuig deartháirín óg mo chroí.

Nach iomaí oíche fhada bhreá
a chaith mé i Ros a' Mhí
Is mé ar bheagán céille ar bharr na céibhe
Seal ag damhsa is ag gabháil fhoinn.
Bhí siad ann as Carna soir go Bearna
Is as chuile cheard den tír,
Bhíodh an chlann uilig in éineacht ann
Ach amháin deartháirín óg mo chroí.

Is sa gcurachín beag canbháis
a chaith mé tús mo shaoil
' tabhairt móin as Arainn soir go Mearaí
is as sin go Baile an Rí.
Bhíodh mo Dheaide bocht is é báite fiuch
Ag an láib is ag an bhfeamainn bhuí
Is mo Mhama-thiar ag fanacht linn
Le deartháirín óg mo chroí.

Nár bhrónach ag mo mháithrín é
An lá a d'fhág mé an teachín tuí;
Bhí an obair gann is ní raibh dom i ndán
ach ' mo bhádóir i measc imircigh;
Is nach beag a cheap mé an mhaidín úd
Nach bhfillfinn abhaile choíche
Is mé ag fágáil slán ag talamh bán
Is ag deartháirín óg mo chroí.

Tar éis leithchhead bliain is ea chuaigh mé siar
Le go ligfinn féin mo scíth,
Tá an báidín báite is mo dheaide caillte
Is tá mo mháithrín ar bheagán caoi;
Tá an tseanscoil leagtha ach na ballaí
Agus ní aithnínn na comharsanaí
Ach tá an teachín ann agus talamh bán
Agus deartháirín óg mo chroí.

AN CLUB HOUSE Úinéirí: Máire & Máirtín Ó Níaidh



47, An Fhaiche Mhór, Gaillimh.

Ceol: Chuile Aoine & Chuile Shatharn

Seisiún Ceol Traidisiúnta: Dé Domhnaigh

Caitheamh Saighid: Oíche Dé Máirt & Déardaoin & Dé Domhnaigh

Céad Míle Fáilte

Go n-éirí an t-ádh leis an gComórtas Náisiúnta Pan Cheilteach

Geoffrey Browne & a Cho.

Aturnaetha

Teach Thír Eoghain
47, An Fhaiche Mhór
Gaillimh

Teileafón: 011 - 353 - 91 - 66751
011 - 353 - 91 - 68713

Facs: 011 - 353 - 91 - 61279

Tuatha Dé Danann Tomás Ó Cathail

Tuatha Dé Danann inár gcroí is inár seanteanga beo fós,
Tuatha Dé Danann ins an spéir is i ngach áit ar fud na tíre;
Na scéalta beomhara ó aois na laoch ar bheola na bhfíor -
Éireannach,

Scéalta chomh sean sin go raibh siad sean in am Íosa Críost.

Sinsir i bhfad roimh am Fhinn Mhic Chumhaill, Ghráinne,
Dhiarmuid is Aengus Óig,

Dia amháin ina gcroíthe, Dia beosach dár tugadh onóir le clocha,
plandaí is ainmhi(the),

Dia ins na daoine, smaointe diadhaireachta, daoine is talamh mar aon,
Scata daoine a thuig áilleacht Chruach Phádraig mar áit ina raibh ór
don chroí.

Cár chuaigh na daoine uaisle seo, daoine láidre, cliste, bródúl,
Cár chuaigh col ceathar Oisín, sliocht Fhinn, sliocht Thuatha Dé
Danann?

Nuair a tháinig Clann Mhídh, Ceilting, Lochlannaigh, is sa deireadh
na Sasanaigh,

Ar ais go dtí na sléibhte, an port, bruach na habhna is faoi thalamh leo.

Áilleacht, eagna is a slite féin acu, daoine fíora, daoine cneasta,
Gruaig dhorcha thiubh, sláintiúil ó bheith amuigh san aer is faoin spéir;
Todhchaí ...daoine, an saol, an tír ina gcuid súl go geal soiléir acu,
Míotal ina lámha acu, ór, airgead, iarann agus go mórmhór an stán.

Cá bhfuil slua Thuatha Dé Danann anois, inniu, ar feadh na laethanta
crua seo?

Is gan teach, gan fáilte, gan ballaí, gan éadaí is gan mheas atá siad,
Ar thaobh na mbóithre, lasmuigh den bhaile, ar thaobh shaol na ndaoine
ábharaiócha,

Muintir na tuaithe, lucht na mbóithre, agus is tincéirí a thugtar orthu
anois.

An tOtharcharr

Beartla Breathnach

Tá údar bróid agus ríméid ag pobal seo Mhuighros
Mar chruinnigh siad na mílte agus cheannaigh siad otharcharr
Mar liostáil roinnt daoine le dul thart chuig na tithe
Is nuair a tháinig an Geimhreadh bhailigh siad meall.

Tráthnóna Luan Cásca bhí an tAifreann i gCarna
Is bhí an láinseáil á déanamh amuigh ar an tsráid,
Ach thiar ag an óstán sea d'ól muid an pórtar
Is bhí ionadaithe Ord Mhalta ann as gach uile cheard.

Tá dochtúir thar cionn againn mar leigheasann sé daoine
A mbíonn gearán dó croí acu is pian ina gceann
Is mura mbíonn sé róchinnte, ó, scríobhfaidh sé líne
Agus glaofaidh sé amach ar an otharcharr.

Tá foireann an-mhaith againn chomh maith is atá i nGaillimh
Mar bíonn siad faoin réir ann ó oíche go lá;
Is tá triúr banaltra ban againn a chasfas ort bindealán,
Níor mhiiste duit briste do chos ná do lámh!

Ar an naoú lá fichead de mhí an Aibreáin seo caite
Sea a thug muid ár n-aghaidh suas ar chathair Bhaile Átha Cliath
Mar is ann a bhí an máistir mór is é tagtha ón gCarraig Dhubh
Is nuair a chonaic sé an t-otharcharr thug sé di an chraobh.

Tá Coiste Forbartha Chara ag obair an-mhaith dúinn;
Bíonn múinteoirí scoile ag déanamh a ndíchlill;
Tá triúr sagart maith ins an bpobal céanna
Ach mura bhféagfaidh Dia againn iad beidh caitheamh againn ina
ndiaidh.

Gan otharcharr Chara is na daoine a bheith grámhar
Bheadh chuile chlann máthar againn i mbaol,
Mar níl duine ar bith againn nach n-agraíonn an bás air
Ach dá mbeadh stumpa as Ord Mhalta againn thioctadh muid tríd.

Bíonn sáirsint na ngardaí á gardáil gach lá dúinn
Mar tá ' fhios aige anois go bhfuil inti neart luais;
Ach má theastatonn go brách uait í a thabhairt as sráid Chara
Caithfidh tú an eochair ' fháil ó M.C. is beidh lán teainc díosail le fáil
Tigh Leavy.



Rogha Éireann
i measc
easpórtáitithe
bradáin úr, bric
mhuirchothaithe
agus
sliogéisc

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co. na Gaillimhe.



CUMANN
TÁIRGEOIRÍ
BHIA MARA
TEO.

Táirgeoirí bradáin,
breac agus
sliogéisc
do
Mhargáí
na
hEorpa

Teileafón: (095) 33501
Teileacs: 50987 SALMEI
Facs: (095) 33453

An Sionnach Sleamhain Óg

Tom Sailí Ó Flaithhearta

Meán Fómhair seo caite i scoil thoir sna hAille
Sea chas mé don chéad uair ar an Sionnach Sleamhain Óg
Is thug mise taitneamh d'áilleacht a phearsan
Dá nÓsa, dá chleasaíocht, dá scéimh is dá shnó.
Ó Flanders na Fraince sea d'eascair an t-ógfhear
Is níl spéirbhean in Éirinn nach leis atá i ngrá;
Bíonn sé ' caint leo is ag comhrá, á gcuimilt is á bpógadh
Ó, is diabhlai an mac é an Sionnach Sleamhain Óg.

Curfá:

Ní chodlaíonn sé néal ar bith d'óiche ná de ló
Ach ag plé le mná óga, ag damhsa is ag ceol;
Mhairfeadh sé ag spochadh, ag suiri is ag ól
Ó, sé mac an diabhlai féin é an Sionnach Sleamhain Óg.

Má chastar go deo tú go ceantar na nAille
Is gur mian leatsa labhairt leis an ógánach cóir,
Tóg casadh na ciotóige ag bóithrín Tí Deáirbí
Agus tá pluaisín an tsionnaigh céad slat suas an ród.
Bíonn soilse trí lasadh aige ó óiche go maidin
Tá tarraingt gach n-aon ar an ngearrbhodach dóighniúil
Cailíní córa ag teacht ina scórtha
Ag súil le barróga ón Sionnach Sleamhain Óg.

Curfá:

Is ní chodlaíonn sé néal ar bith d'óiche ná de ló
Ach ag plé le mná óga, ag rince is ag ceol;
Mhairfeadh sé ag spochadh, ag suiri is ag ól
Ó, is grámhar an gasúr é an Sionnach Sleamhain Óg.

Dá siúlfa-sa An Mhór - Roinn, An Afraic is Éire
Ní chasfaí a leithéid ort ar bhealach ná ar bhóthar,
Tá 'n gliceas is an diabhlaiocht ag troid lena chéile
In éadan mín mála an tsionnaigh Shleamhain Óg.

Curfá:

Is ní chodlaíonn sé néal ar bith d'óiche ná de ló
Ach ag plé le mná óga, ag rince is ag ceol;
Mhairfeadh sé ag spochadh, ag suiri is ag ól
Faraor nach mac liom an Sionnach Sleamhain Óg.

COMHLAUGHT GALWAY OIL TEO.

37, Sráid Forster
Gaillimh

Teileafón: (091) 68605 / 61910

Bliain Mhór na Gaeilge

Liam Mac Donnchadha

Seo bliain mhór na Gaeilge, bliain nócha is a trí
Tá Éire le bród ag comóradh na laoch
A bhunaigh an Conradh 'tá bríomhar is beo
Le cinntiú nach gcaillfí ár dteanga go deo.

Curfá:

Ardaimis gártha in onóir na dtréanfhear
Shlánaigh an Ghaeilge do mhuintir na hÉireann;
Chumháigh go cúramach cuisle na hÉigse;
Mairfidh a gcuimhne is molfar a n-éachta.

Is é Dúghlas De hÍde, an ceannródaí caoin,
Is a chompanaigh dúse aráimid á maíomh;
Las léchran in éineacht ag soilsiú na slí
Nuair a bhí tionchar an Bhéarla go teann ar gach taobh.

Curfá.

Tá clú agus cáil ar Chúchulainn, is fíor
Ar Oisín is Oscar, ar shlóite na bhFiann;
Ach ní lúide é gaisce an ghasra úd ghroí
A chuir tús leis an gConradh i gCathair Áth Cliath.

Curfá.

Tá ré nua na cruinne mar dhúshlán do Ghaeil
Ar n-oidhreachta a choinneáil saor, slán ó gach baol;
Múscclaimis ár misneach le léiriú don saol
Gur náisiún gan náire ár dtír dhúchais féin.

Curfá.

Ní fhágfaidh mé mo bhaile féin níos mó.

Dónall Ó Colchúin

Nuair a d'imigh mise anonn
Nach orm 'bhí an fonn
Neart airgid a shaothrú chuile lá
Ach bhí mé ag imirt is ag ól
Ag damhsaí is ag ceol
Is níl leithphingin féin anois a'm, caithfidh mé rá!

Curfá:

A ghrá, a stór mo chroí,
Beidh mé leat i rith na hoíche
Is ní imeoidh mise uait go deo na ndeor;
Tá mé tuirseach ins an tír seo
Ag sclábhaíocht gach lá
Is ní fhágfaidh mise mo bhaile féin níos mó.

Níl airgead ná ór

le fáil anseo níos mó
Is tá deireadh leis an saol a bhí fadó.
Dá mbeadh jab beag féin le fáil
Ionas go saothróinn mo pháigh
Nach mise a bheadh breá sásta ó ló go ló.

Curfá:

A ghrá, a stór mo chroí.....

Má tá tú ag fanacht fós,
A mhíle grá 's a stór
Tá deireadh leis an imní is leis an bpian;
Ach anois tá saol nua romhainn,
Saol a bheas fada, sona, ciúin
Is ní gá baile ' fhágáil 'nois níos mó.

Curfá:

A ghrá, a stór mo chroí.....

Faraor nach é inniu inné

Seán Ó Domhnaill

Tá cuimhne bhuan a'm ar an uair a bhí tú an-óg
Is tú 'do luí siar ins an gcliabhán, ar do dhroim,
Do dhá láimh sínte amach a'd ag iarraidh dul 'mo ghabháil
Is mé ag tabhairt amach duit faoi mo thinneas cinn.
D'fhaighinn buidéal bainne agus chuirinn é 'do bhéal
Ag súil go stopfadh sé an caoineadh agus an gleo,
Ag éalú liom amach go mall ag súil go gcodlófaí néal
Mar bhí faitíos orm nach mbeinn féin saor go deo.

Curfá:

Ach faraor géar nach é inniu inné agus an seans a bheith a'm arís,
D'fhanfainn ansin in éineacht leat ar feadh an lae is na
hoíche,
Thógfainn i mo bhachlann tú is ní ligfinn le do ghreim
Ach sé mo léan, tá sé mall is ní féidir an clog a chur siar.

Cuimhním nuair a bhínn do chur siar a chodladh san oíche
Bhíodh tú ag iarraidh orm luí siar leat sa leaba;
Deirteá liom dhul ag léamh nó an bheirt againn dhul ag
spraoi.

Nó fanacht in éineacht leat sa seomra ar feadh tamaill.
Sé 'n leithscéal a thugainn duit ná go raibh mé tuirseach
Agus go léifinn neart scéalta an chéad oíche eile;
Deirinn leat fanacht ciúin mar go mbeinn ag éirí 'moch
Agus go gcaithfeadh muid ar fad titim inár gcodladh.

Curfá:

Ach faraor géar nach é inniu inné agus an seans a bheith a'm arís,
D'fhanfainn i do chuideachta ag déanamh spóirt is spraoi;
Dhéanfainn léamh is d'inseoinn duitse chuile scéal faoin
ngrian;
Ach sé mo léan, tá sé mall is ní féidir an clog a chur siar.

Is cuimhneach liom nuair a d'iarrtá orm dul amach ag
spraoi

Ag imirt peile nó rud ar bith a thaitneodh liom féin
Dul ag an trá nó bheith ag caitheamh eitleoig' leis an ngaoth
Nó suí síos agus éisteacht le glór binn na n-éan.
"Fan go fóill" a deirinn leat "beidh neart ama againn ar ball
Tá an samhradh fada, níl aon chúis sa lá;
Beidh muid in ann bheith ag spraoi nuair a thiocfas an
aimsir bhreá,
Caithfidh mé fanacht istigh anois le nuacht an lae a fháil."

Curfá:

Ach faraor géar nach é inniu inné agus an seans a bheith a'm arís,
Ní dhéarfainn "Fan go fóill" leat nó "Beidh neart ama
againn le spraoi",
Rachainn cibé áit a déarfá agus d'imreodh muid neart
cluichí,
Ach sé mo léan, tá sé mall agus ní féidir an clog a chur siar.

Tá tú imithe 'do bhealach féin is ní nílím uait níos mó
Is tá an t-uaigneas in áit na troda is an ghleo,
Ach cuimhneoidh mé go síoraí ort mar níl éinne ann mar thú,
Ach tá mé ag caoineadh nár thug aon aird ort nuair a bhí tú óg.
Is fada corrach an bóthar é, cosán seo an tsaoil,
Ach tá muid ar fad ag taisteal san aon treo;
D'fhás tú suas i nganfhiós dom mar ní ionat a bhí mo shuim
Ach in iontais eile agus is anois a thuigim an teora a bhí leo.

Curfá:

Ach faraor géar nach é inniu inné agus an seans a bheith a'm arís
D'fhanfainn ansin in éineacht leat ar feadh an lae is na
hoíche;
Thógfainn i mo bhachlann tú is ní ligfinn uaim do ghreim
Ach sé mo léan, tá sé mall is ní féidir an clog a chur siar.

Corn Sam Maguire '92

Liam Ó Fionntáin

Tá Sam Maguire anois ar hire

Is beidh go ceann trí mhí

Tá Bleá Cliath is An Clár ag iarraidh bheith ar barr

Le haghaidh Dún na nGall a chloí.

Ó cheapfaim féin ach sé mo scil ann é

Go ndéanfaidh Co. an Chláir an gníomh

Ach is deacair fós a bheith cinnte de

Nach dtiocfaidh na Dubs aníos.

Ó bhuail Bleá Cliath Cill Dara

Agus bhuail siadsan Co. Laois'.

Cheap Bleá Cliath an t-am sin

Nár bh féidir iad a choinneáil síos;

Ach bhuail Co. an Chláir Ciarraí

Uair amháin na fir ab fhearr;

Ach faraor níor fhan an faisean sin acu

Ach tamaillín beag gearr.

Anois ag dul go dtí an cluiche leathcheannais

Tógfaidh Co. an Chláir an plane

Is de réir mar atá scéalta ar an teilifís

Is gearr go n-imeoidh an t-aerfort é féin.

Ach anois má bhuaileann siad Baile Átha Cliath

Ach fós is deacair sin a rá

Is má thagann siad abhaile ar an eiteán

B'fhéidir go gcaithfidh sí luí ar an trá.

Anois beidh an cluiche ceannais

Idir Bleá Cliath is Dún na nGall

Is beidh Sam le fáil ar Ardán Uí Ógáin

Ag an bhfoireann is fearr.

Caithfidh Dún na nGall neart scóranna ' fháil

Is gan a bheith ag faire ar ionadaithe -

Agus ceapaim féin gan magadh ná bréag

Go gcuirfidh siad síos na Dubs.

Tá Sam anois den chéad uair

I gContae Dhún na nGall

Mar shaothraigh siad go maith é

Agus is acu a bhí na fir ab fhearr.

Tá siad á thaispeáint ins gach baile anois

Dá bhfuil sa gcontae le mí

Is ceapann, anois, a lán acu

Go bhfaighfidh siad arís é i '93.

WEST ONE

STIÚIDEO TAIFEADTA

16 TRAIIC LUIBHNEACH

AONAD 3

An tIonad Tionsclaíochta

Baile Bán Beag

Gaillimh

091 - 56266

LALLY COACH HIRE

LE LIGEAN GO PRÍOBHÁIDEACH
TURAIS LAE AR CHONAMARA

Gach Satharn ar feadh na bliana

Teileafón: (091) 62905



COMHDHÁIL NÁISIÚNTA NA GAEILGE

46 Sráid Chill Dara, B.Á.C. 2 Teil. (01) 6794780

an fáinne

Suaithéantas na Gaeilge

eolaslann

Scríbhís colais don phobal

glór na nGael

Ag tógáil pobal le nasc na Gaeilge

feachtais

*Oideachas; Craolachán;
Eaglais; Óige*

coláistí samhraidh

Eolas faoi 60 coláistí

Bunch of Grapes

2, Sráid Ard, Gaillimh

AN LOCAL IS CAIRDIÚLA I MBAILE MÓR NA GAILLIMHE

ANRAITH BAILE TAE CAIFÉ CEAPAIRÍ



Woodstock,
Bushypark,
Gaillimh.

Fón: (091) 24928

An áit gur fíú duit tamall a chaitheamh ann.

UCG Coláiste na hOllscoile Gaillimh

ÁRAS NA GAEILGE

&

ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

GAEILGE LABHARTHA

CÚRSAÍ & RANGANNA

Mic Léinn 3ú Leibhéal Daoine Fásta

Foghlaimoírí ó Thíortha eile

Tionsclaíocht & Gnó:

Bainisteoirí, Cléirigh

Boird Sláinte:

Feidhmeannaigh & Banaltraí

Meáin Chumarsáide:

Iriseoirí & láithritheoirí

Múinteoirí:

Bun & Iarbhunskoile

Cúrsa Ullmhúcháin:

Cáilíocht sa Ghaeilge

Tuilleadh Eolais:

Áras na Gaeilge,

Áras Mháirtín Uí Chadhain,

Coláiste na hOllscoile,

An Cheathrú Rua,

Gaillimh.

Co. na Gaillimhe.

091/24411 / Facs 26509

091/95101/95038 Facs 95041

CEIRNÍNÍ NUA GAEL—LINN

MARY BERGIN FEADÓGA STÁIN 2 CEF 149

Glactar leis go coitianta go bhfuil an chéad taifead a rinne Mary Bergin ina bharrshamhail i réimse an cheoil thraidisiúnta. Ar an dara taifead seo, cloíonn Mary leis an bhfoirmle chéanna a rinne seoid dá céad albam – scoth an cheoil agus é ag teacht ó fochtar croí.

ÁINE UÍ CHEALLAIGH IDIR DHÁ CHOMHAIRLE CEF 158

As traidisiún amhránaíochta Chúige Uladh a eascraíonn na hamhráin Bhéarla atá ar an taifead seo agus lonnaithe go láidir i nGaeltacht na Rinne atá na hamhráin Ghaeilge.

MICHAEL COLEMAN 1891-1945 CEF 161

Bhunaigh ceirníní Michael Coleman, a eisíodh i Meiriceá idir 1921-1936 caighdeán nua foirfeachta i seimn na fíde agus ghnóthaigh siad buanionad dó mar an té ba mhó a d'imir tionchar ar cheol na hÉireann san 20ú haois. Tá athmhaisteacht déanta ar 48 traic ó cheirníní 78 Coleman ar dhá dhiosca san eisíúint nua seo.

GRÁINNE YEATS FÉILE CRUITIRÍ BHÉAL FEIRSTE 1792 CEF 156

Péire dlúthdhiosca ar a bhfuil 42 amhrán agus dréacht ceoil de chuid mórchruitirí/chumadóirí na 16-18ú aoise.

Diosca iomlán ann de cheol Thoirdealbhaigh Uí Chearbhalláin.

PÁDRAIG MAC MATHÚNA BLAS NA MEALA CEF 157

'Aisling Gheal' agus scothdhreacht eile ó phóbaire óg cumasach. Ina theannta Seán Keane, Nollaig Ní Chathasaigh, Noel O'Grady, Seán Ó Loinsigh, Henry Benagh, David James, a dheartháir Ciarán, a dheirfiúr, Deirdre.

PAUL BROCK MO CHAIRDÍN CEF 155

Tá seimn Phaul Brock bunaithe ar stíl na seancheoltóirí bosca, John Kimmel, Joe Devane, Paddy O'Brien, Joe Cooley. Ina theannta ar an diosca, Manus McGuire, Maeve Donnelly, Christy Dunne, Carl Hession.

NA CASAIDIGH 1691 CEF 154

Léiríú ceoil ar Chogadh an Dá Rí in Éirinn agus ar ról laochais Phódraig Sáirséil.

CEIRNÍNÍ GAEL-LINN

26 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Tel: 01-767283

Fax: 01-767030



NÍ BEOIR GO DTÍ É

URRAÍOCHT

COMHLAcht HEINEKEN & MURPHY

ÚDÁRÁS NA GAELTACHTA

RAIDIÓ NA GAELTACHTA

ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

ÓSTÁN AN DÓILÍN

BORD NA GAELIGE

BORD SOLÁTHAR AN LEICTREACHAIS

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

BANC NA hÉIREANN (An Cheathrú Rua)

AN IOIREACHTAS

ARAN FERRIES

PETER WALSH CONSTRUCTION

BANC AONTAS ÉIREANN (An Cheathrú Rua)